TACAÍOCHTAÍ TEAGHLAIGH

DO THREOIR AR SHEIRBHÍSÍ DO THEAGHLAIGH IN ÉIRINN

Department of Social and Family Affairs
An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh
www.welfare.ie

CLÁR ÁBHAIR

TALMHAÍOCHT, IASCACH AGUS BIA 1

EALAÍONA, SPÓRT AGUS TURASÓIREACHT 2

GNÓTHAÍ POBAIL, TUAITHE AGUS GAELTACHTA 3

OIDEACHAS AGUS EOLAÍOCHT 4

FIONTAR, TRÁDÁIL AGUS FOSTAÍOCHT 5

COMHSHAOL, OIDHREACHT AGUS RIALTAS ÁITIÚIL 6

AIRGEADAS 8

SLÁINTE AGUS LEANAÍ 8

CEART, COMHIONANNAS AGUS ATHCHÓIRIÚ DLÍ 15

GNÓTHAÍ SÓISIALACHA AGUS TEAGHLAIGH 20

IOMPAR 24

TACAÍOCHTAÍ TEAGHLAIGH

ROINN	*PRÍOMHFHREAGRACHT*	*RANNÓGA / STRUCHTÚIR*	*SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA TEAGHLAIGH, TIONSCNAIMH AGUS CLÁIR PHRÍOMHÚLA*
Talmhaíocht, Iascach agus Bia www.agriculture.gov.ie	Tacaíocht ioncaim agus struchtúrtha do theaghlaigh feirme	**Rannóg na nÍocaíochtaí Aonair, Port Laoise** 1890 200 566 **Rannóg na Seirbhíse Foraoiseachta, Loch Garman** (053) 9160193	• Scéim na nÍocaíochtaí Aonair • Scéim na gCeantar faoi Mhíbhuntáiste • Préimheanna Foraoiseachta
Talmhaíocht, Iascach agus Bia	Tacaíocht do theaghlaigh ag dul isteach i agus ag dul ar scor ó fheirmeoireacht	**Rannóg na Struchtúr, Loch Garman** (053) 9163400	• Scéim Luathscoir • Scéim Cúnaimh Suiteála
Talmhaíocht, Iascach agus Bia	Comhairle do Theaghlaigh Feirme	**Teagasc** www.teagasc.ie (059) 9170200	• Clár Roghanna do Theaghlaigh Feirme

ROINN	*PRÍOMHFHREAGRACHT*	*RANNÓGA / STRUCHTÚIR*	*SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA TEAGHLAIGH, TIONSCNAIMH AGUS CLÁIR PHRÍOMHÚLA*
Talmhaíocht, Iascach agus Bia	Sábháilteacht bia	**Rannóg Teagmhála na Sábháilteachta Bia** (01) 6072046	• Plean Rialála Ilbhliantúil Chomhordaitheoir na Roinne Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia ar phróisis do shábháilteacht bia agus beathaithe
		Rannóg na bhFóirdheontas Bainne Loch Garman (053) 9163405	• Scéim Bainne Scoile
		An Rannóg Bia (01) 6072841 *agus* **Bord Bia** www.bordbia.ie (01) 6685155	• 'Food Dudes' – clár dírithe ar leanaí bunscoile chun ithe an bhia úir a mhéadú
		An Rannóg Bia agus An Rannóg Taighde, Bia agus Coidéacs	• Cláir thaighde bia agus sláinte ar chothú, ionghabháil chothaithe agus comhdhéanamh bia
Ealaíona, Spórt agus Turasóireacht www.arts-sport-tourism.gov.ie 1890 383 0000	Polasaí Spóirt agus Caitheamh Aimsire Comhairle Spóirt na hÉireann www.irishsportscouncil.ie (01) 8608800	**Clár Caipiteal Spóirt** **Clár Linnte Snámha na nÚdarás Áitiúil** **Líonra Comhpháirtíochta Áitiúla Spóirt**	• Maoiniú d'fhorbairt áiseanna spóirt • Tacaíocht do chur ar fáil linnte snámha na n-údarás áitiúil • Tograí tacaíochta a dhíríonn ar rannnpháirtíocht teaghlaigh a mhéadú i spórt agus gníomhaíocht fhisiceach, trí scéimeanna deontas • Laethanta 'Come and Try', dírithe ar theaghlaigh

ROINN	*PRÍOMHFHREAGRACHT*	*RANNÓGA / STRUCHTÚIR*	*SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA TEAGHLAIGH, TIONSCNAIMH AGUS CLÁIR PHRÍOMHÚLA*
Ealaíona, Spórt agus Turasóireacht	Ealaíona	**Institiúidí Náisiúnta Cultúrtha**	• Teacht ar réimse leathan iarsmalann agus dánlann náisiúnta, saor in aisce • Ranganna ar leith dírithe ar leanaí, sa Dánlann Náisiúnta agus sa Cheoláras Náisiúnta • Cláir For-rochtana agus Oideachais ag na príomh-institiúidí go léir • Foilseacháin do leanaí
Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta www.pobail.ie 1890 474 847	Tacú le Gníomhaíocht Pobail Oibriú go Deonach Clár RAPID Forbairt Tuaithe Forbairt na nOileán An Ghaeilge Straitéis Drugaí Rialáil na gCarthanas	**Oibríonn an Roinn roinnt clár agus scéimeanna le tacú le cur i gcrích a príomh-fhreagrachtaí.** **Príomhréimsí:** **Tacaíochtaí Pobail agus Deonacha** **Forbairt Áitiúil agus Pobail** **Forbairt Tuaithe** **Oileáin** **Gnóthaí Gaeltachta** **Straitéis Drugaí**	• Clár Forbartha Pobail • Clár Seirbhísí Pobail • Maoiniú le tacú le hEagraíochtaí Náisiúnta san Earnáil Phobail agus Dheonach • RAPID (Athbheochan Ceantar trí Phleanáil, Infheistíocht agus Forbairt), rud a bhfuil téama Teaghlaigh ar leith do RAPID i gceist leis • CLÁR (Ceantair Laga Árd-Riachtanais-ceantair atá thíos le dídhaonrú) • Grúpaí LEADER II (díríonn seirbhísí áirithe ar theaghlaigh na tuaithe) • Scéim Shóisialta Tuaithe

ROINN	*PRÍOMHFHREAGRACHT*	*RANNÓGA / STRUCHTÚIR*	*SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA TEAGHLAIGH, TIONSCNAIMH AGUS CLÁIR PHRÍOMHÚLA*
Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta			• An Clár um Chuimsiú Sóisialta d'Fhorbairt Áitiúil (i) Seirbhísí do Dhaoine Dífhostaithe (ii) Forbairt Pobail (iii) Tionscnaimh don Óige, atá Bunaithe sa Phobal • Maoiniú faoin Straitéis Náisiúnta Drugaí, trí 14 Thascfhórsa Áitiúla Drugaí agus 10 dTascfhórsa Réigiúnacha Drugaí • Cúnamh ó Chiste na gCuntas Díomhaoin, dóibh siúd atá thíos le míbhuntáiste eacnamaíoch agus sóisialta, míbhuntáiste oideachais agus daoine faoi mhíchumas
Oideachas agus Eolaíocht www.education.ie (01) 8896400	Bearta a dhíríonn ar riachtanais oideachais leanaí agus daoine óga ó phobail faoi mhíbhuntáiste	**Aonad um Chuimsiú Sóisialta** **Seirbhís na hOifige Réigiúnaí**	• Bearta faoin bPlean Gníomhaíochta do Sholáthar Comhdheiseanna sna Scoileanna (DEIS): - Seirbhísí teagmhála baile/scoile/pobail - Seirbhísí an chláir críochnaithe scoile • Seirbhís na Múinteoirí Cuartaíochta don Lucht Siúil
Oideachas agus Eolaíocht	Seirbhís Leasa Oideachais	**An Bord Náisiúnta Leasa Oideachais (NEWB)** www.newb.ie (01) 8738700	• Tacaíocht curtha ar fáil ag NEWB do thuismitheoirí, caomhnóirí agus leanaí a mbíonn deacrachtaí acu le freastal ar scoil nó le leas oideachais

ROINN	*PRÍOMHFHREAGRACHT*	*RANNÓGA / STRUCHTÚIR*	*SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA TEAGHLAIGH, TIONSCNAIMH AGUS CLÁIR PHRÍOMHÚLA*
Oideachas agus Eolaíocht	Bearta do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu	**An Rannóg Oideachais Speisialta** **An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE)** www.ncse.ie (046) 9486400 **An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS)** (01) 8892700	Tacaíochtaí curtha ar fáil ag NCSE agus NEPS do thuismitheoirí, caomhnóirí agus leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu
Oideachas agus Eolaíocht	Oideachas Aosach: Litearthacht teaghlaigh	**An Rannóg Breisoideachais** **Coistí Gairmoideachais**	Cláir litearthachta teaghlaigh
Fiontar, Trádáil agus Fostaíocht www.entemp.ie 1890 220 222	Tacaíochtaí oiliúna agus fostaíochta	**FÁS** www.fas.ie (01) 6070500	• Oiliúint • Cláir Fostaíochta Pobail • Clár oiliúna oibre Skillnets

ROINN	*PRÍOMHFHREAGRACHT*	*RANNÓGA / STRUCHTÚIR*	*SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA TEAGHLAIGH, TIONSCNAIMH AGUS CLÁIR PHRÍOMHÚLA*
Fiontar, Trádáil agus Fostaíocht	Cothromaíocht oibre agus saoil	**Coiste Creata Náisiúnta do Chothromaíocht Oibre agus Saoil** www.worklifebalance.ie (01) 6313281	• Freagracht as cur i bhfeidhm na socruithe agus na bpolasaithe oibre a chabhraíonn le hoibrithe fostaíocht a chomhcheangal le réimsí eile dá saol, a chur chun cinn • Tá an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta mar Chathaoirleach ar an gCoiste agus ar na comhaltaí atá ann, tá ionadaithe ó Chónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (IBEC), Comhdháil na gCeardchumann (ICTU), chomh maith le ranna agus gníomhaireachtaí Rialtais bainteacha
Fiontar, Trádáil agus Fostaíocht	Cearta Fostaíochta	**An tÚdarás Náisiúnta Cearta Fostaíochta (NERA)** www.employmentrights.ie 1890 808 090	• Cuireann sé eolas ar fáil d'fhostaithe agus d'fhostóirí • Déanann sé monatóireacht ar chúinsí fostaíochta trína sheirbhísí cigireachta • Is féidir leis comhlíonadh a chur i bhfeidhm agus sásamh a lorg
Comhshaol, Oidhreacht agus Rialtas Áitiúil www.environ.ie (01) 8882000	Soláthar clár do thithíocht shóisialta agus inacmhainne ag na húdaráis tithíochta a chumasú, do theaghlaigh nach bhfuil in ann cóiríocht a chur ar fáil óna n-acmhainní féin	**Tógáil agus Soláthar Tithíochta Sóisialta** **Aonad Tithíochta Deonaí agus Comhoibrithí agus Cóiríocht don Lucht Siúil** **Tithíocht Inacmhainne agus Daoine gan Dídean**	Cláir de thithíocht shóisialta agus inacmhainne do theaghlaigh, lena n-áirítear clár tógála tithíochta na n-údarás áitiúil, an clár tithíochta deonaí agus comhoibrithí, scéimeanna tithíochta inacmhainne leis an scéim úinéireachta roinnte san áireamh

ROINN	*PRÍOMHFHREAGRACHT*	*RANNÓGA / STRUCHTÚIR*	*SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA TEAGHLAIGH, TIONSCNAIMH AGUS CLÁIR PHRÍOMHÚLA*
Comhshaol, Oidhreacht agus Rialtas Áitiúil	Feabhsú chaighdeán an stoic reatha de thithíocht shóisialta	**Tógáil agus Soláthar Tithíochta Sóisialta**	Scéim Oibreacha Feabhsúcháin, Clár Athghiniúna, Clár Téimh Lárnaigh
Comhshaol, Oidhreacht agus Rialtas Áitiúil	Cur ar fáil áiseanna cúraim leanaí in eastáit tithíochta na n-údarás áitiúil a chumasú	**Tógáil agus Soláthar Tithíochta Sóisialta**	Clár do chur ar fáil áiseanna cúraim leanaí i dtograí tithíochta na n-údarás áitiúil
Comhshaol, Oidhreacht agus Rialtas Áitiúil	Cur ar fáil cóiríochta don Lucht Siúil a chumasú	**Aonad Tithíochta Deonaí agus Comhoibrithí agus Cóiríocht don Lucht Siúil**	Clár Cóiríochta don Lucht Siúil
Comhshaol, Oidhreacht agus Rialtas Áitiúil	Cabhrú le tionscnaimh bhainistíochta tithíochta, tacaíochtaí do phobail	**Tógáil agus Soláthar Tithíochta Sóisialta**	Scéim Deontas don Tionscnamh Bainistíochta Tithíochta, Ciste na bPobal Inbhuanaithe
Comhshaol, Oidhreacht agus Rialtas Áitiúil	Tacú le cur ar fáil áiseanna pobail i dtograí tithíochta	**Aonad Tithíochta Deonaí agus Comhoibrithí agus Cóiríocht don Lucht Siúil**	Tacaíochtaí agus deontais Pobail/Taitneamhachta
Comhshaol, Oidhreacht agus Rialtas Áitiúil	Cabhrú le riachtanais chóiríochta na ndaoine faoi mhíchumas	**Polasaí agus Airgeadas Tithíochta agus Aonad um Chuimsiú Sóisialta**	Deontas do Dhaoine faoi Mhíchumas – ar fáil chun cóiríocht a chur in oiriúint le freastal ar riachtanais daoine, leanaí san áireamh, atá faoi mhíchumas. Scéim á riar ag údarás áitiúil
Comhshaol, Oidhreacht agus Rialtas Áitiúil	Straitéis Chomhtháite ar Dhaoine gan Dídean	**Polasaí agus Airgeadas Tithíochta agus Aonad um Chuimsiú Sóisialta**	Cóiríocht do dhaoine gan dídean

ROINN	*PRÍOMHFHREAGRACHT*	*RANNÓGA / STRUCHTÚIR*	*SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA TEAGHLAIGH, TIONSCNAIMH AGUS CLÁIR PHRÍOMHÚLA*
Airgeadas	Cánachas pearsanta	**Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim** www.revenue.ie	• Polasaí Cánachais - Creidiúintí agus Bandaí Cáin Ioncaim - Faoiseamh Cánach d'Fheighlíocht Leanaí - Scéim na gCoimisinéirí Ioncaim do Chúnamh Post
Sláinte agus Leanaí www.dohc.ie (01) 6354000	Seirbhísí Tacaíochta Teaghlaigh	**Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS)** www.omc.gov.ie (01) 6354000	Is é ról Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige ná le comhleanúnachas níos mó a chur i bhfeidhm i gceapadh polasaí do leanaí agus daoine óga, agus é dírithe ar cheisteanna polasaí a bhaineann leo. Tá an Oifig tiomanta cur chuige 'an ruda a mbíonn dea-thoradh leis' a chur i gcrích maidir le forbairt polasaithe agus seirbhísí do leanaí agus daoine óga Sa 'Chlár Oibre do Sheirbhísí Leanaí', leagtar amach treo straitéiseach agus príomhchuspóirí an pholasaí phoiblí maidir le sláinte leanaí agus seirbhísí sóisialacha. Leagann sé amach céard ba cheart a bheith i gceist leis na seacht dtoradh náisiúnta do leanaí in Éirinn: • Sláintiúil, idir fhisiceach agus mheabhrach • Tacaithe i bhfoghlaim ghníomhach • Sábháilte ó dhíobháil, bíodh sí de thaisme agus d'aon ghnó • Slán go heacnamaíoch • Slán sa gharthimpeallacht agus sa mhórthimpeallacht fhisiceach • Mar chuid de líonraí dearfacha teaghlaigh, cairde, comharsana agus an phobail agus • San áireamh agus rannpháirteach sa tsochaí

ROINN	*PRÍOMHFHREAGRACHT*	*RANNÓGA / STRUCHTÚIR*	*SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA TEAGHLAIGH, TIONSCNAIMH AGUS CLÁIR PHRÍOMHÚLA*
Sláinte agus Leanaí	Seirbhísí Tacaíochta Teaghlaigh	**Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS)** www.hse.ie 1850 241 850	• Cláir Thacaíochta Teaghlaigh .i. - Clár Máithreacha Pobail - Oibrithe Tacaíochta Teaghlaigh - Clár Tacaíochta do Thuismitheoirí sna Déaga - Clár Parents Plus - Tionscnamh tuistithe Family First - Oibrithe do chúram leanaí pobail • Forbairt sa bhreis a dhéanamh ar thograí Preabchláir (tionscnamh luath-idirghabhála atá bunaithe sa phobal, le tacú le teaghlaigh) • Clár Aighneachta don Óige (idirghabháil duine le duine, le leanaí faoi phriacal dul faoi chúram) Seirbhísí eile: • Cártaí Leighis agus Cártaí Cuairte DG • Scéim Íocaíochta Drugaí • Seirbhís Mháithreachais agus Chúraim Naíonán • Sláinte Leanaí agus Ógánach • Seirbhísí tacaíochta do theaghlaigh le míchumas • Cúram Pobail

ROINN	*PRÍOMHFHREAGRACHT*	*RANNÓGA / STRUCHTÚIR*	*SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA TEAGHLAIGH, TIONSCNAIMH AGUS CLÁIR PHRÍOMHÚLA*
Sláinte agus Leanaí	An Stiúrthóireacht Cúraim Leanaí	**An Stiúrthóireacht Cúraim Leanaí, Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige**	• Forlíonadh Luathchúraim Leanaí • Clár Infheistíochta Náisiúnta i gCúram Leanaí 2006 – 2010 (NCIP): - Cruthú 50,000 spás nua cúraim leanaí, a mbeidh 5,000 acu ina spásanna tar éis scoile agus 10,000 spás réamhscoile - Deontais Chaipitil a chur ar fáil d'fhorbairt áiseanna do chúram leanaí - Maoiniú a chur ar fáil don Scéim Fóirdheontas do Chúram Leanaí Pobail (fóirdheontas airgeadais ar mhaithe le cúram leanaí pobail do thuismitheoirí a fhaigheann leas sóisialach nó atá ar ioncam íseal) - Tacaíochtaí breise a chur ar fáil d'fheighlithe leanaí - Tacaíochtaí a chur ar fáil do na Coistí Cathrach agus Contae do Chúram Leanaí agus do na hEagraíochtaí Náisiúnta do Chúram Leanaí Deonach • Seirbhísí tacaíochta teaghlaigh do chúram leanaí: - Grúpaí tuismitheoirí agus lapadán - Seirbhísí réamhscoile, grúpaí súgartha, creiseanna, Réamhscoileanna Montessori, naíonraí agus feighlithe cláraithe leanaí - Tionscnamh náisiúnta d'Fheighlíocht Leanaí (tacaíochtaí d'fheighlithe leanaí agus do dhaoine a bhfuil suim acu a bheith ina bhfeighlithe leanaí)

ROINN	*PRÍOMHFHREAGRACHT*	*RANNÓGA / STRUCHTÚIR*	*SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA TEAGHLAIGH, TIONSCNAIMH AGUS CLÁIR PHRÍOMHÚLA*
Sláinte agus Leanaí	An Stiúrthóireacht Cúraim Leanaí	**An Stiúrthóireacht Cúraim Leanaí, Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige** (ar lean)	- Tionscnamh cúraim leanaí na haoise scoile (forbairt cúraim leanaí na haoise scoile, le tacú le riachtanais cúraim leanaí na dtuismitheoirí) • Rialáil na Seirbhísí Réamhscoile do Chúram Leanaí: - Monatóireacht ar chur i bhfeidhm na Rialachán (Seirbhísí Réamhscoile) um Chúram Leanaí 2006 - Forbairt na gCaighdeán Náisiúnta um Chúram Leanaí don Earnáil Réamhscoile
		Coistí Cúraim Leanaí Cathrach agus Contae	• An chéad phointe teagmhála don phobal chun iarratas a chur isteach ar chúnamh deontas faoin gClár Náisiúnta Infheistíochta do Chúram Leanaí 2006-2010 (NCIP) • Comhairle, eolas agus oiliúint i gcúram leanaí do sholáthraithe agus tuismitheoirí
Sláinte agus Leanaí	Leanaí chun Tosaigh: Treoirlínte Náisiúnta do Chosaint agus Leas Leanaí	**Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS), Gardaí, an pobal i gcoitinne srl.**	• Leanaí chun Tosaigh: Treoirlínte Náisiúnta do Chosaint agus Leas Leanaí - aidhmeanna: - Tuairisciú feabhsaithe ar mhí-úsáid leanaí - Cosaint leanaí éifeachtach a éascú - Uasmhéadú a dhéanamh ar chumas na n-eagraíochtaí agus na foirne chun cosaint a chur ar fáil - Daingniú a dhéanamh ar chomhoibriú idir ghníomhaireachtaí

ROINN	*PRÍOMHFHREAGRACHT*	*RANNÓGA / STRUCHTÚIR*	*SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA TEAGHLAIGH, TIONSCNAIMH AGUS CLÁIR PHRÍOMHÚLA*
Sláinte agus Leanaí	Leas agus Cosaint Leanaí	**Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS)** www.hse.ie 1850 241 850	• Seirbhísí agus tacaíochtaí áitiúla do leanaí faoi phriacal • Soláthar agus forbairt ar thionscnaimh tacaíochta teaghlaigh, trí mheasúnú riachtanas atá bunaithe ar fhianaise • Cur i bhFeidhm an Achta um Chúram Leanaí, 1991 agus an Achta Leanaí, 2001 • Seirbhís chosanta leanaí • Forbairt Straitéise do Leas Leanaí • Cúram Cónaitheach • Cúram altrama agus Cúram Gaolta • Seirbhísí do Dhaoine Óga gan Dídean
Sláinte agus Leanaí	Cigireacht ar Sheirbhísí Réamhscoile	**Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS)** www.hse.ie 1850 241 850	Cuireann Foireann Chigireachta Réamhscoile FSS, an tSeirbhís Fógartha agus Chigireachta ar fáil do sheirbhísí réamhscoile
Sláinte agus Leanaí	Forbairt na n-ardchaighdeán do sheirbhísí agus do chigireachtaí cúraim leanaí	**Oifig na hArd-Fhoirne Cigireachta do Sheirbhísí Sóisialacha (HIQA)** www.hiqa.ie (021) 4250610	• Cinntíonn an Fhoireann Chigireachta ardchaighdeáin sna seirbhísí cúraim leanaí • Leanann an Fhoireann Chigireachta de chigireacht a dhéanamh ar sheirbhísí leanaí, lena n-áirítear cúram cónaitheach agus cúram altrama i leith na gcaighdeán
Sláinte agus Leanaí	Rialáil uchtála	**An Bord Uchtála** www.adoptionboard.ie (01) 2309300	• Déanann sé rialáil ar uchtú baile agus idir thíortha

ROINN	*PRÍOMHFHREAGRACHT*	*RANNÓGA / STRUCHTÚIR*	*SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA TEAGHLAIGH, TIONSCNAIMH AGUS CLÁIR PHRÍOMHÚLA*
Sláinte agus Leanaí	Ombudsman do Leanaí	**Oifig an Ombudsman do Leanaí** www.oco.ie 1890 654 654	Ar na feidhmeanna atá aici, tá: • Leas agus cearta leanaí a chur chun cinn • Feidhmiú mar chatalaíoch d'athrú • Freagairt do ghearáin ar leith • Comhairliúchán rialta le leanaí
Sláinte agus Leanaí	Ag Fás Aníos in Éirinn: An Staidéar Náisiúnta Fadaimseartha ar Leanaí	**Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige** www.growingup.ie	"Ag Fás Aníos in Éirinn" - Staidéar chun monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairt 18,000 leanbh – 10,000 naíonán agus 8,000 leanbh 9 mbliana d'aois ar feadh tréimhse seacht mbliana
Sláinte agus Leanaí	Straitéis le dul i ngleic le ceist na dToircheas Géarchéime	**An Ghníomhaireacht um Thoirchis Ghéarchéime** www.crisispregnancy.ie (01) 8146292	Seirbhísí um Thoirchis Ghéarchéime • Seirbhísí saor in aisce do thoirchis ghéarchéime – 50 ionad i 27 áit ar fud na tíre • Seirbhísí comhairleoireachta d'fhear céile/páirtí, tuismitheoirí, gaolta Gníomhaíochtaí Bunaithe ar Oideachas • Cur i bhfeidhm an Oideachais Caidrimh agus Gnéasachta agus an Oideachais Shóisialta, Phearsanta agus Sláinte sna scoileanna (comhthionscnamh leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS)

ROINN	*PRÍOMHFHREAGRACHT*	*RANNÓGA / STRUCHTÚIR*	*SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA TEAGHLAIGH, TIONSCNAIMH AGUS CLÁIR PHRÍOMHÚLA*
Sláinte agus Leanaí	Straitéis le dul i ngleic le ceist na dToircheas Géarchéime	**An Ghníomhaireacht um Thoirchis Ghéarchéime** (ar lean)	Acmhainní do Thuismitheoirí • Treoir Eolais do Thuismitheoirí Óga in Oideachas • Pacáiste eolais do thuismitheoirí nach bhfuil pósta lena chéile • Pacáiste eolais dóibh siúd a bhíonn ag obair le tuismitheoirí neamhphósta • Bileoga eolais ar thuistiú, toircheas agus cúram leanaí Acmhainní do Thuismitheoirí ar Shláinte Ghnéis • "Busy Bodies" - leabhrán agus DVD do dhaltaí an 5ú agus an 6ú rang, ar fhorbairt ghnéis agus sláinte ghnéis • "You can talk to me" - DVD agus leabhrán do thuismitheoirí ar chumarsáid le daoine óga idir 13 - 14 bliana d'aois ar chaidreamh agus sláinte ghnéis • "Parents, make the time to talk" - acmhainn do thuismitheoirí ar chumarsáid le daoine óga idir 15 - 17 mbliana d'aois, ar chaidreamh agus sláinte ghnéis

ROINN	*PRÍOMHFHREAGRACHT*	*RANNÓGA / STRUCHTÚIR*	*SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA TEAGHLAIGH, TIONSCNAIMH AGUS CLÁIR PHRÍOMHÚLA*
Sláinte agus Leanaí	Straitéis le dul i ngleic le ceist na dToircheas Géarchéime	**An Ghníomhaireacht um Thoirchis Ghéarchéime** (ar lean)	Tionscnaimh Eile • Cóiríocht thacaithe do mháithreacha torracha agus nua • Tionscnaimh chun spreagadh a thabhairt do mháithreacha óga filleadh ar oideachas/oiliúint • Cláir do thuismitheoirí ar Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta
Ceart, Comhionannas agus Athchóiriú Dlí www.justice.ie 1890 221 227	Dlí Teaghlaigh Gardaí Pobail	**An Rannóg Comhionannais** **An Garda Síochána: Oifig Náisiúnta na nGardaí d'Óg-Chiontóirí**	• Seirbhís na gCúirteanna - Colscaradh/Scaradh • Cearta teaghlaigh Monatóireacht ar éifeachtacht an Chláir Atreoraithe Óg-Chiontóirí

ROINN	*PRÍOMHFHREAGRACHT*	*RANNÓGA / STRUCHTÚIR*	*SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA TEAGHLAIGH, TIONSCNAIMH AGUS CLÁIR PHRÍOMHÚLA*
Ceart, Comhion-annas agus Athchóiriú Dlí	Ceartas Óige	**Seirbhís Ceartas Óige na hÉireann** www.iyjs.ie (01) 4768673	Straitéis Náisiúnta Ceartas Óige 2008-2010: • Tá sé mar aidhm léi seo cur chuige comhordaithe a fhorbairt i measc na ngníomhaireachtaí a bhíonn ag obair sa chóras ceartas óige • Bítear ag déileáil go príomha le leanaí a raibh teagmháil acu cheana leis an gcóras ceartais choiriúil, ar mhaithe le ciontú agus athchiontú a laghdú
	Bainistíocht agus oibriú na scoileanna coinneála leanaí	**Seirbhís Ceartas Óige na hÉireann**	Spreagtar rannpháirtíocht tuismitheoirí agus teaghlaigh le daoine óga atá á gcoinneáil, trí eolas, áiseanna cuartaíochta agus obair for-rochtana.
	Forbairt na Rannóige Promhaidh do Dhaoine Óga, taobh istigh den tSeirbhís Phromhaidh	**An tSeirbhís Phromhaidh** www.probation.ie	Cur i bhfeidhm fhorálacha an Achta Leanaí, 2001, de réir mar a bhaineann siad leis an tSeirbhís Phromhaidh, lena n-áirítear: • Gairm comhdhálacha teaghlaigh ar iarratas ó na Cúirteanna • Cur i bhfeidhm na Smachtbhannaí Pobail, lena n-áirítear Orduithe Meantóireachta Teaghlaigh agus Duine Oiriúnach (Orduithe Cúraim agus Maoirseachta). Bunú Fóram Náisiúnta Cleachtóirí do Chomhdhálacha Teaghlaigh

ROINN	*PRÍOMHFHREAGRACHT*	*RANNÓGA / STRUCHTÚIR*	*SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA TEAGHLAIGH, TIONSCNAIMH AGUS CLÁIR PHRÍOMHÚLA*
Ceart, Comhionannas agus Athchóiriú Dlí		**Seirbhís Ceartas Óige na hÉireann**	Bítear ag obair le Rannóg Phromhaidh na nÓg-Chiontóirí taobh istigh den tSeirbhís Phromhaidh, le cinntiú go mbíonn smachtbhannaí pobail ar fáil do na Cúirteanna, le déileáil le daoine óga a bhíonn ag ciontú. Ar na smachtbhannaí seo, tá: • Ordú meantóra nó tacaíochta teaghlaigh a bhíonn dírithe ar chabhair, comhairle agus tacaíocht a chur ar fáil don leanbh agus dá t(h)eaghlach • D'fhéadfadh tuismitheoirí a bheith rannpháirteach chomh maith i gcomhdhálacha teaghlaigh agus ar cheartas aisiríoch, agus in orduithe dea-iompraíochta
Ceart, Comhionannas agus Athchóiriú Dlí	Maoiniú agus bainistíocht na dTograí atá Bunaithe sa Phobal, a chuireann réimse seirbhísí ar fáil, le cabhrú le hobair na Seirbhíse Promhaidh	**Rannóg na bPríosún agus Polasaí Promhaidh i gcomhar leis an tSeirbhís Phromhaidh**	• Cur ar fáil clár chun deiseanna a mhéadú le dul isteach sa mhargadh oibre, díriú ar andúil, daoine gan dídean agus ceisteanna eile a bhíonn ag cur le ciontú • Maoirseacht Phromhaidh, seirbhís phobail, cláir i gcoinne ciontú agus seirbhísí speisialaithe tacaíochta a chur ar fáil • Seirbhísí a sholáthar le cabhrú le cosaint an phobail, feabhsú na bpobal agus tacaíocht do chiontóirí le bheith i measc an phobail arís

ROINN	*PRÍOMHFHREAGRACHT*	*RANNÓGA / STRUCHTÚIR*	*SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA TEAGHLAIGH, TIONSCNAIMH AGUS CLÁIR PHRÍOMHÚLA*
Ceart, Comhion-annas agus Athchóiriú Dlí	Bainistíocht agus Maoiniú do Thograí Atreoraithe Óige na nGardaí agus Tograí príomhshruthaithe Tascfhórsaí Drugaí Áitiúla	**Seirbhís Ceartas Óige na hÉireann** **Seirbhís Ceartas Óige na hÉireann i gcomhar le Rannóg Caidreamh Pobail na nGardaí** **Coiste Comhairleach Náisiúnta** **Coistí Áitiúla Bainistíochta** **Coistí Measúnaithe Tarchurtha**	• Maoiniú 100 Togra Atreoraithe Óige ag na Gardaí agus Tograí príomhshruthaithe Tascfhórsaí Áitiúla Drugaí • Tionscnaimh bunaithe sa phobal agus bainistithe go háitiúil, dírithe ar chuimsiú sóisialta na n-óg a fheabhsú • Tarchur tuismitheoirí do Thograí Atreoraithe Óige na nGardaí agus Tograí na dTascfhórsaí Áitiúla Drugaí • Spreagadh á thabhairt do rannpháirtíocht tuismitheoirí agus teaghlaigh, trí obair for-rochtana • Ceardlanna ar scileanna saoil, chun oiliúint agus oideachas a chur ar fáil do dhaoine óga atá faoi mhíbhuntáiste sóisialta
Ceart, Comhion-annas agus Athchóiriú Dlí	Inimirce agus Imeascadh	**Oifig an Choimisinéara um Iarratais Dídeanaithe** www.orac.ie (01) 6028000 **Seirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann** www.inis.gov.ie 1890 221 227	Comhlacht cinnteoireachta i gcóras tearmainn na hÉireann 'Ionad ilfhreastail' maidir le tearmann, inimirce, saoránacht agus víosaí

ROINN	*PRÍOMHFHREAGRACHT*	*RANNÓGA / STRUCHTÚIR*	*SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA TEAGHLAIGH, TIONSCNAIMH AGUS CLÁIR PHRÍOMHÚLA*
Ceart, Comhionannas agus Athchóiriú Dlí	Clár Athlonnaithe	**Oifig an Aire um Imeascadh** (01) 6473200	Tacú le fáiltiú, treoraíocht agus imeascadh dídeanaithe ar ceadaíodh dóibh teacht isteach faoi Chinneadh Rialtais (Dídeanaithe cláir) Forbairt agus tacú le cláir oiliúna chun dídeanaithe nua athlonnaithe a ullmhú do mhaireachtáil neamhspleách Obair a dhéanamh leis na pobail seanbhunaithe le cinntiú go mbíonn an teacht ceart ag na dídeanaithe athlonnaithe ar sheirbhísí
Ceart, Comhionannas agus Athchóiriú Dlí	Reachtaíocht Chomhionannais	**An tÚdarás Comhionannais** **2 Sráid Chluain Meala** **Baile Átha Cliath 2** **agus Teach Birchgrove** **Ros Cré** **Co. Thiobraid Árann** www.equality.ie (01) 4173333	Cuirtear cosc san Acht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 agus san Acht um Stádas Comhionann, 2000, ar leithcheal i bhfostaíocht, oiliúint ghairmoideachais, fógraíocht, comhchomhaontuithe, soláthar earraí agus seirbhísí agus deiseanna eile a mbíonn teacht ag an bpobal orthu de ghnáth, ar naoi mbunús ar leith Is iad seo: • inscne; • stádas pósta; • stádas teaghlaigh; • aois; • míchumas; • cine; • claonadh gnéasach; • creideamh reiligiúnach; agus • a bheith mar dhuine den Lucht Siúil

ROINN	*PRÍOMHFHREAGRACHT*	*RANNÓGA / STRUCHTÚIR*	*SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA TEAGHLAIGH, TIONSCNAIMH AGUS CLÁIR PHRÍOMHÚLA*
Ceart, Comhion-annas agus Athchóiriú Dlí		**An tIonad Eolais Phoiblí, An tÚdarás Comhionannais** Íosghlao: 1890 245 545 Téacsfón: (01) 4173385	Cuireann an tIonad Eolais Phoiblí eolas ar fáil chomh maith ar na hAchtanna um Chosaint Máithreachais 1994 agus 2004, na hAchtanna um Shaoire Uchtaíoch 1995 agus 2005, agus na hAchtanna um Shaoire Tuismitheoirí, 1998 agus 2006
Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh www.welfare.ie	Íocaíocht tacaíochta ioncaim bainteach le teaghlaigh agus leanaí	**Seirbhísí Leasa Shóisialaigh** (01) 7043000	• Sochar Linbh • Sochar Máithreachais • Sochar Uchtaíoch • Sochar Sláinte agus Sábháilteachta • Sochair Dhéadacha, Optúla agus Cluas • Pinsean Baintrí/Baintreach Fir • Deontas do Thuismitheoir ar Baintreach (Fir) é/í • Íocaíochtaí Caomhnóra • Tacaíochtaí ioncaim do theaghlaigh ar ioncam íseal: - Sochar agus Liúntas do Lucht Cuardaigh Fostaíochta - Liúntas um Fhilleadh ar Obair - Liúntas um Fhilleadh ar Oideachas - Íocaíocht Teaghlach Aontuismitheora - Forlíonadh Ioncaim Teaghlaigh - Liúntas Leasa Forlíontach (féach thíos) - Cúnamh Feirme • Clár Béilí Scoile • Tacaíochtaí ioncaim do dhaoine breoite nó faoi mhíchumas: - Pinsean Easláine - Liúntas Míchumais - Sochar Breoiteachta - Sochar Míthreorach - Sochar Díobhála Ceirde - Pinsean na nDall

ROINN	*PRÍOMHFHREAGRACHT*	*RANNÓGA / STRUCHTÚIR*	*SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA TEAGHLAIGH, TIONSCNAIMH AGUS CLÁIR PHRÍOMHÚLA*
Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh	Íocaíocht tacaíochta ioncaim bainteach le teaghlaigh agus leanaí	**Seirbhísí Leasa Shóisialaigh** (ar lean)	• Tacaíochtaí ioncaim do sheandaoine: - Pinsean Stáit (Ranníocach agus Neamh-ranníocach) • Tacaíocht ioncaim do chúramóirí: - Liúntas/Sochar Cúramóra - Deontas Cúraim Faoisimh • Sochair Bhreise - Pacáiste Sochair Teaghlaigh (arb ionann é agus Liúntas Leictreachais/Gáis, Liúntas Gutháin agus Ceadúnas Teilifíse Saor in Aisce) - Liúntas Breosla - Saorthaisteal - Deontas Méala
Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh	Liúntas Leasa Forlíontach	**Rannóg an Liúntais Leasa Fhorlíontaigh** (071) 9169800	• Liúntas Leasa Forlíontach Bunúsach, • Forlíontaí d'Ús Cíosa agus Morgáiste • Forlíontaí Riachtanas Speisialta • Íocaíochtaí Riachtanas Eisceachtúil • Íocaíochtaí Riachtanas Práinneach • Liúntas Éadaí agus Coisbhirt don Scoilbhliain Nua

ROINN	*PRÍOMHFHREAGRACHT*	*RANNÓGA / STRUCHTÚIR*	*SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA TEAGHLAIGH, TIONSCNAIMH AGUS CLÁIR PHRÍOMHÚLA*
Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh	Scéim Cúramaithe Baile	**Rannóg na gCúramaithe Baile** (01) 7043096	Ciallaíonn an scéim seo go mbíonn sé níos éasca do dhuine a éiríonn as obair chun aire a thabhairt do leanbh faoi bhun 12 bliana d'aois nó do dhuine ar éagumas, cáiliú don Phinsean Stáit (Ranníocach) ag 66 bliain d'aois
Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh	Forbairt Polasaí Teaghlaigh	**An tAonad Gnóthaí Teaghlaigh** (01) 7043593 **An Ghníomhaireacht Tacaíochta Teaghlaigh** www.fsa.ie (01) 6114100	Comhairle a chur ar an Aire faoi pholasaí le tacú le teaghlaigh, lena n-áirítear iad sin le leanaí agus teaghlaigh aontuismitheora • Clár Ionad Acmhainní do Sheirbhísí Teaghlaigh agus Pobail • Deontais d'eagraíochtaí deonacha a chuireann comhairleoireacht pósta, leanaí agus méala ar fáil • An tSeirbhís Idirghabhála Teaghlaigh • Taighde agus Eolas Teaghlaigh
Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh	Comhairle Airgid	**Seirbhís Bhuiséadta agus Chomhairle Airgid** 1890 283 438	Tacaíocht Bhuiséadta agus Chomhairle Airgid Tá an tseirbhís ar fáil ag: • 65 ionad ar fud na tíre • An Líne Chabhrach Náisiúnta ar an nGuthán 1890 283 438 • An suíomh gréasáin www.mabs.ie
Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh	Tacaíochtaí Fostaíochta	**Seirbhísí Tacaíochta Fostaíochta** (071) 9672500	Seirbhísí Sóisialacha agus Tacaíochta Teaghlaigh – Éascaitheoirí ag obair ag suímh réigiúnacha: • Filleadh ar Obair/Oideachas • Clár Gníomhachtaithe agus Tacaíochta Teaghlaigh

ROINN	*PRÍOMHFHREAGRACHT*	*RANNÓGA / STRUCHTÚIR*	*SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA TEAGHLAIGH, TIONSCNAIMH AGUS CLÁIR PHRÍOMHÚLA*
Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh	Polasaí Pinsean	**An Bord Pinsean** www.pensionsboard.ie 1890 656 565 **Ombudsman na bPinsean** www.pensionsombudsman.ie (01) 6471650	• Rialáil scéimeanna na bpinsean ceirde agus na gCuntas Coigiltis Pearsanta Scoir (CCPSanna) • Cur ar fáil eolais agus comhairle ar phinsin Déantar fiosrú agus cinntí faoi ghearáin agus díospóidí a bhaineann le scéimeanna pinsin ceirde agus Cuntais Choigiltis Phearsanta Scoir (CCPSanna)
Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh	Eolas	**Seirbhísí Eolais** www.welfare.ie 1890 662 244 Líne Íosghlao d'Iarratais ar Bhileoga: 1890 202 325 **An Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh** www.citizensinformation.ie 1890 777 121	Eolas agus comhairle ar theidlíochtaí leasa shóisialaigh • Cuirtear eolas ar fáil ar sheirbhísí poiblí: Ionaid um Fhaisnéis do Shaoránaigh, seirbhís ghutháin agus suíomh gréasáin • Cuirtear tacaíocht ar fáil d'eagraíochtaí deonacha agus reachtúla • Déantar anailísiú agus tuairisciú ar éifeachtacht an pholasaí shóisialta • Cuirtear comhairle aighneachta ar fáil

ROINN	*PRÍOMHFHREAGRACHT*	*RANNÓGA / STRUCHTÚIR*	*SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA TEAGHLAIGH, TIONSCNAIMH AGUS CLÁIR PHRÍOMHÚLA*
Iompar www.transport.ie 1890 443 311	Bonneagar Náisiúnta Clár Iompair Tuaithe Plean Earnála Iompair faoin Acht Míchumais 2005	**Rannóg Transport 21** www.transport21.ie (01) 6041081	Creat infheistíochta caipitil Transport 21 2006 - 2015

www.welfare.ie